

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



Buiséad Bliantúil 2018

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig



BUISÉAD BLIANTÚIL 2018

CLÁR ÁBHAIR

Leathanach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.....	1
Anailís Airgeadais	8
Táblaí Reachtúla A – E.....	18
TÁBLAÍ REACHTÚLA F	
Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht.....	30
Rannán B – Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	38
Rannán C – Seirbhísí Uisce.....	43
Rannán D – Bainistíocht Forbartha	47
Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil	56
Rannán F – Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht.....	63
Rannán G – Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	71
Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha.....	75
Teastas.....	82
Muirear Lárnach Bainistíochta – Aguisín 1	83
Leithdháileadh don Cháin Mhaoine Áitiúil 2018 – Aguisín 2.....	84

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



**TUARASCÁIL AN
PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**



CHUIG AN MÉARA AGUS NA COMHALTAÍ COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

BUISÉAD BLIANTÚIL - 2018

RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an Dréachbhuiséad don bhliain airgeadais 2018 san fhormáid reachtúil agus i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh le breithniú ag na Comhaltaí Tofa. Chun an buiséad a ullmhú tá roinnt céimeanna lárnacha i gceist lena n-áirítear:

- Comhairliúchán le gach grúpa polaitiúil ag tús an phróisis bhuiséadaigh chun cúiseanna móra brú agus straitéisí tábhachtacha, agus an buiséad á chur i gcrích, a leagan amach.
- Comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh chun straitéis bhuiséadach, an ráta don cháin mhaoine áitiúil agus sonraí an bhuiséid a mheas ag na céimeanna éagsúla de chríochnú.
- Breithniú ag na Comhaltaí Tofa ar thionchar éagsúlaithe i ráta na Cánach Maoine Áitiúla.
- Athbhreithnithe sonracha ar gach gné den bhuiséad le Stiúrthóirí agus Sealbhóirí Buiséid.

Is í an chéim dheireanach i bpróiseas an bhuiséid ná breithniú na gComhaltaí Tofa ar an mbuiséad mar a chuirfear i láthair é ag an gCruinniú Bliantúil Buiséid atá sceidealaithe don 7 Samhain 2017.

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA NA GCOMHALTAÍ TOFA

Tá roinnt feidhmeanna forchoimeáda ag na Comhaltaí i ndáil leis an bpróiseas buiséid mar seo a leanas:

An Cháin Mhaoine Áitiúil

Tá sé de chumhacht ag na Comhaltaí Ráta na Cánach Maoine Áitiúla (Toisc Choigeartaithe Áitiúil) a éagsúlú le toisc de suas le móide/lúide 15%.

Glacadh leis an mBuiséad

Féadfaidh na Comhaltaí glacadh leis an mBuiséad agus leasú déanta air nó gan leasú déanta air agus ní mór dóibh na suimeanna atá curtha ar fáil le haistriú chuig an gcuntas Caipitil a fhaomhadh.

Socrú an Ráta

Ní mór do na Comhaltaí ag an gCruinniú Buiséid rún ar leithligh a bhreithniú maidir le socrú an Ráta Bhliantúil ar Luacháil (RBL).

Rátaí ar Áitribh Fholmha

I gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Leasú Rialtais Áitiúil 2014 tá sé de chumhacht ag Comhaltaí an cion d'aisíocaíochtaí rátaí a bhaineann le háitribh ghnó fholmha a shocrú.

IONCHAS EACNAMAÍOCH

I 2017 tharla fás leanúnach sna geilleagair náisiúnta agus réigiúnacha. Gach bliain tá 10,000 post nua curtha leis ag Baile Átha Cliath agus tá an ráta réigiúnach dífhostaíochta laghdaithe go 6.1%. Stiúradh é sin ag an bhfás náisiúnta tuartha don OTN de 4.3% i mbliana, agus fás leanúnach ar chaiteachas tomhaltóirí (2.3%) agus onnmhairí (3.5%).¹ Meastar go leanfaidh an treocht suas ar aghaidh i 2018, agus fás tuartha de 3.5% don

¹ An Roinn Airgeadais, *Dréachtphlean Buiséadach na hÉireann le haghaidh 2018, Deireadh Fómhair 2017.*

OTN agus é measta go bhfillfear ar fhostaíocht iomlán, a bheidh spreagtha ag fás breise ar onnmhairí, ar chaiteachas tomhaltóirí agus ar infheistíocht.²

D'ainneoin tá dúshlán le sárú ag na geilleagair áitiúla agus náisiúnta. Tá bagairtí ag baint le héiginnteacht leantach faoi imeacht an RA ón Aontas Eorpach, ní hamháin trí ghluaiseachtaí sna rátaí malairte, ach freisin má leanann fás eacnamaíoch an dara comhpháirtí trádála is mó atá againn ar aghaidh ag moilliú. I dteannta a chéile is ionann na príomhbhraislí eacnamaíocha i bhFine Gall, agraibhia, eolaíochtaí beatha agus teicneolaíoch - agus thart ar €2.5 billiún d'onnmhairí ó Fhine Gall chuig an RA³, agus leagtar béim leis sin ar thromchúis na bagartha ó Brexit. Ina theannta sin, tá bagairtí ag gabháil le ganntanais tithíochta, cumais agus acmhainn bonneagair a chiallaíonn nach mór bheith airdeallach i gcónaí ó thaobh beartais. D'ainneoin na ndúshlán sin, tá an léargas eacnamaíoch foriomlán do Bhaile Átha Cliath - agus d'Fhine Gall - dearfach fós.

Spreagadh Eacnamaíoch Bhuiséad 2018

Soláthraíonn buiséad ioncaim agus clár caipitil Chomhairle Contae Fhine Gall seirbhísí agus infheistíocht a bhfuil sé mar aidhm acu an contae a fheabhsú mar áit chónaithe, oibre agus infheistíochta. Ina theannta sin tá tionchair thábhachtacha spreagtha ag caiteachas na Comhairle a spreagann gníomhaíocht eacnamaíoch ghearrthéarmach. Rinneadh tionchar spreagtha Bhuiséad 2018 a mheas chun tuiscint a fháil ar lorg eacnamaíoch níos leithne a bhíonn ag gníomhaíochtaí na Comhairle a thuiscint. I 2018 tuartar go gcaithfidh an Chomhairle €227 milliún ar chaiteachas ioncaim. Maoineoidh sé sin oibríochtaí laethúla na Comhairle agus cuirfidh sé le cur chun cinn Chlár Caipitil an Chontae. Tuartar go mbeidh caiteachas caipitil comhionann le €324 milliún i gcaitheamh trí bliana (2017-2017) agus ba é an méid i 2016 ná €105 milliún.

Is feidhm í tionchar eacnamaíoch an chaiteachais ag Comhairle Contae Fhine Gall ag na leibhéil agus na cineálacha caiteachais ag an gComhairle. Téann an caiteachas sin díreach chun tairbhe na dtionscal agus na ngnóthas sin a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí don Chomhairle agus chun tairbhe indíreach don gheilleagar trí mhéadú ar úsáid agus fhostaíocht i dtionscail tánaisteacha. Cuimsíonn na tionchair eacnamaíocha i samhail Fhine Gall na tionchair seo a leanas:

- Éifeachtaí díreacha - Tagraíonn siad sin don ghníomhaíocht eacnamaíoch a tharlaíonn go díreach de thoradh chaiteachas na Comhairle. Sampla de sin ná airgead a chaitheann an Chomhairle ar thógáil tithe.
- Éifeachtaí indíreacha - Tagraíonn sé sin don oiread a mhéadaíonn soláthraithe a gceannach ionchur de thoradh caiteachais ag an gComhairle. Cuimsíonn fostaíocht a eascraíonn ón ngníomhaíocht sin fostú conraitheoirí ar thionscadal um thógáil tí.
- Éifeachtaí spreagtha - Is é atá ansin ná caitheamh i siopaí agus i mbialanna áitiúla de thoradh méadaithe ar ioncam teaghlaigh.


² An Roinn Airgeadais, *Dréachtphlean Buiséadach na hÉireann le haghaidh 2018, Deireadh Fómhair 2017*.

³ Meastachán bunaithe ar Oll-bhreisluch do gach earnáil i Réigiún Bhaile Átha Cliath, san agraibhia, sa déantúsaíocht agus i seirbhísí. Chun sciar Fhine Gall a mheasúnú, déantar an cion d'fhostaíocht Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus a bhfuil cónaí orthu i bhFine Gall a iolrú faoi sciar an réigiúin den OBL chun meastachán a dhéanamh do gach earnáil atá cuimsithe san anailís. Ar an mbealach sin baineann na meastacháin leis na honnmhairí agus na hallmhairí le poist chónaitheoirí Fhine Gall seachas fostaíocht i ngnóthais chónaitheacha Fhine Gall cé go bhféadfadh gurbh difríocht fhíorbheag í i gcleachtas.

Aschur Eacnamaíoch

Le haschur - nó caiteachas déantar luach na ndíolachán iomlán ar ghníomhaíocht eacnamaíoch ar leithligh - a thomhas. Tá torthaí chaiteachas Chomhairle Contae Fhine Gall don Bhuiséad Beartaithe le haghaidh 2017 ar chaiteachas reatha, agus i leith na táirgeachta caipitil measta, curtha i láthair i bhFíor 1.

Fíor 1: Ról Chaiteachas CCFG sa Táirgeacht Eacnamaíoch



Léirítear i bhFíor 1 na trí bhabhta tionchair a bheidh ag caiteachas ioncaim agus caipitil (agus táirgeacht chaipitil ó 2016 á húsáid) CCFG i 2018.


- Tionchar Díreach: Is é an tionchar comhiomlán a bheidh ag caiteachas ná €307 milliún.
- Tionchar Díreach: De thoradh caiteachais ag an gComhairle méadaíonn soláthraithe a gceannach ionchur. Eascaíonn €78 milliún breise de tháirgeacht ón ngníomhaíocht sin.
- Tionchar Spreagtha: Cuireann caiteachas na Comhairle le méaduithe ar ioncam teaghlaigh, agus mar thoradh air sin bíonn éileamh méadaithe de €144 milliún ar earraí agus sheirbhísí.

Déantar ról iomlán an chaiteachais ag CCFG in aschur eacnamaíoch a ríomh tríd na trí bhabhta tionchair a shuimiú. Le haghaidh 2018, meastar gurb é an tionchar iomlán a bheidh i gceist ná €529 milliún de tháirgeacht bhreise ar fud an gheilleagair, rud a thugann iolraitheoir táirgeachta de 1.72. Is féidir é sin a thuiscint mar seo: maidir le gach €1 breise de chaiteachas reatha agus caipitil CCFG, go mbeidh táirgeacht eacnamaíoch de €1.72 ar fud an gheilleagair. Tá an t-iolraitheoir beagáinín níos mó ná mar a bhí le haghaidh Bhuiséad 2017 (1.71). Meastar go bhfuil tionchar iomlán Bhuiséad 2018 ar an ngeilleagar níos mó ná 2017 ag €18 milliún.

Ionchur san Fhostaíocht

Rinneadh an leibhéal fostaíochta a ghabhann le Buiséad 2018 a shamhaltú agus tá sé leagtha amach i bhFíor 2. Tacóidh babhtaí breise tionchair le poist bhreise ar bhealach iartheachtach sa gheilleagar mar gheall ar an gcaiteachas ag soláthraithe agus teaghlaigh a eascróidh astu. Ansin cuirtear na poist dhíreacha, indíreacha agus spreagtha arna gcruthú le líon na mball foirne atá fostaithe ag CCFG chun figiúr iomlán fostaíochta a thabhairt.

Fíor 2: Tionchar fostaíochta an chaiteachais ag CCFG



I dteannta leis na 1,437 ball foirne atá fostaithe ag CCFG, cruthaíonn caiteachas na Comhairle 1,336 post go díreach agus tacaíonn tionchair indíreacha agus spreagtha le 405 agus 1039 post breise faoi seach. San iomlán, tá 4,217 post tacaíthe ag CCFG agus ciallaíonn sé sin le haghaidh gach duine atá fostaithe ag CCFG, go bhfuil dhá phost breise tacaíthe áit eile sa gheilleagar. Tá an t-íolraitheoir ag teacht den chuid is mó le h-íolraitheoir Bhuiséad 2017 agus is ionann é agus tionchar mór eacnamaíoch. Ar fud an gheilleagair, tacóidh Buiséad 2018 le 159 post sa bhreis ar na poist ar tacaíodh leo i 2017.

An Tionchar Eacnamaíoch Leathan

Cé go bhfuil na tionchair sin a bhaineann le caiteachas fíorthábhachtach don gheilleagar áitiúil, tá tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na gníomhaíochta ag Comhairle Contae Fhine Gall i bhfad níos leithne ná sin, agus bíonn tionchar nach beag aige ar theaghlaigh agus ghnóthais sa réigiún agus níos faide anonn.

Seo a leanas samplaí de thionchair chatalaíocha:

- Crios Fiontair Bhaile Átha Cliath: Léiríonn taighde idirnáisiúnta gur féidir le soláthar Pháirceanna Tionscail cur go mór le leibhéal ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. San iomlán, cuireann CFBÁC €14.4 billiún leis an táirgeacht eacnamaíoch náisiúnta agus tacaíonn sé le 34,600 post sa gheilleagar. Ina theannta sin, soláthraíonn an Chomhairle go díreach go leor bonneagar cumasaithe eile atá ríthábhachtach chun gnó an lae inniu a tharraingt.
- Cur chun cinn na Turasóireachta: Déanann CCFG go leor oibre chun turasóirí a tharraingt chuig an gContae, trí áiseanna turasóra a chur ar fáil, trí mhargaíocht agus rith imeachtaí. Mar thoradh ar Flavours of Fingal ina aonar baineadh amach táirgeacht eacnamaíoch de €3.1 milliún. San iomlán, meastar go gcaitheann cuairteoirí ar Fhine Gall suas go €0.5 billiún euro in aghaidh na bliana. Tacaíonn sé sin faoi seach le tuairim is 20,000 post⁴.
- Fostaíocht dhúchasach a chur chun cinn: Tacaíonn Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall le forbairt FBManna sa Chontae trí Chomhairle & Mheantóireacht Ghnó, Oiliúint do Ghnóthais Bheaga, Tacaí Airgeadais, Imeachtaí Líonraithe, Dearbháin um Thrádáil Ar Líne agus Oideachas faoi Fhiontar. Ag deireadh 2016, bhí 831 duine sa Chontae fostaithe ag na 192 cuideachta cliant de chuid Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall.
- Cáilíocht Bheatha a Chur chun cinn: Baineann cuid mór de ghníomhaíocht Chomhairle Contae Fhine Gall le saincheistanna cáilíochta beatha. In Innéacs an OECD um 'Shaol níos fearr' aithnítear 11 ghné a dhéanann siad a thomhas chun cáilíocht bheatha fhoriomlán a mheas agus tá clár gníomhaíochta mór ar siúl ag Comhairle Contae Fhine Gall i naoi gcinn de na gnéithe sin. Le cáilíocht bheatha fheabhsaithe tá an réigiún níos tarraingtí d'infheistíocht dhíreach eachtrach soghluaiste agus d'oibrithe ardoilte.

AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN – BUISÉAD 2018

Bhí Comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh i rith an bhuiséid agus an phróiseas CMÁ ina gné lárnach d'ullmhú an bhuiséid. Tá cruinnithe ar siúl leis an GBC faoin straitéis bhuiséid ó thús na bliana. Tá an próiseas Comhairliúcháin leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh ina ghné thábhachtach den phróiseas buiséadach agus táim fíorbhuíoch as gach Ball den ghrúpa as an bplé chuiditheach. Ag a chruinniú ar an 24 Deireadh Fómhair 2017, mheas an Grúpa Beartais Chorparáidigh le haghaidh 2018 agus moladh an buiséad le glacadh agus méadú 2% ar rátaí cuimsithe ann.

Chomh maith le comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh tugadh tuairiscí suas chun dáta do gach Comhalta chun cuntas a thabhairt ar ábhair bhrú agus straitéisí móra buiséadacha agus an buiséad á thabhairt chun críche.

ÉAGSÚLÚ AR AN gCÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Rinne na Comhaltaí Tofa, ag cruinniú na Comhairle ar an 11 Meán Fómhair 2017, bunráta na Cánach Maoine Áitiúla a laghdú faoi 10% tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil reachtúil ina gclúdaítear:

⁴ Comhairle Contae Fhine Gall, *Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015 – 2018*, 2015.

- Beidh feidhm ag meastachán an Údaráis Áitiúil ar an ioncam a bhfaighidh sé agus an caiteachas a thabhoídís sa tréimhse dá mbeidh feidhm ag an ráta éagsúlaithe
- Seasamh airgeadais an Údaráis Áitiúil
- Éifeacht airgeadais an ráta éagsúlaithe
- Aiseolas ón seisiún comhairliúchán a reáchtáladh

Is é an tionchar airgeadais don Chomhairle ná go mbeidh ioncam CMÁ roghnach breise de €1.9m ar fáil agus buiséad comhardaithe á chur le chéile le haghaidh 2018.

RÁTAÍ GNÓ

Cuimsíonn an buiséad seo méadú 2% ar rátaí gnó. Sin é an chéad mhéadú ó bhí 2009 ann agus tagann sé i ndiaidh roinnt laghduithe ar rátaí ag tús na ndéich mbliana seo chun tacú le gnóthais i rith tréimhse a bhí deacair don gheilleagar. Leis an méadú bainfear amach ioncam breise de €2.4m don Chomhairle, a éascóidh, i measc nithe eile, infheistíocht bhreise i stoc tithíochta, áiseanna pobail agus gníomhaíochtaí oibriúcháin sa Chontae.

CUSPÓIRÍ AN BHUISÉID 2018

Sa Dréachtbuiséad Bliantúil le haghaidh 2018 déantar soláthar do leibhéal méadaithe infheistíochta in ábhar sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha an Chontae seo. Is í an aidhm atá i gceist leis ná roinnt cuspóirí lárnacha a bhaint amach:-

1. Leanúint ar aghaidh lenár n-infheistíocht sna réimsí Tithíocht agus Pobal.
2. Ár leibhéal feabhsaithe infheistíochta a choimeád chun soláthar seirbhísí a fheabhsú.
3. An plean eacnamaíoch agus pobail a fhorbairt d'Fhine Gall a thacaíonn le cruthú post, turasóireacht agus pobail inbhuanaithe.

Úsáid a bhaint as ioncam roghnach breise ó CMÁ

Ag an gcruinniú i mí Mheán Fómhair vótáil an Chomhairle ar son an CMÁ a éagsúlú síos ag 10% rud a bhain amach ioncam roghnach breise de €1.9m. Le buiséad 2018 déantar na cistí sin a imfhalú le húsáid um chaiteachas méadaithe sna réimsí seo a leanas.

Pobail / Leabharlanna €0.73m

Ceadóidh sé sin tuilleadh infheistíochta i seirbhísí leabharlainne, imeachtaí agus áiseanna pobail agus sa chlár ealaíon.

Tithíocht / Easpa Dídine €0.63m

Soláthraítear leis sin do chaiteachas breise ar easpa dídine (€0.5m) agus ar stoc tithíochta na Comhairle.

Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht €0.25m

Ceadóidh sé sin tuilleadh infheistíochta i bpáirceanna, in áiteanna oscailte agus i gclóis súgartha.

Caiteachas Oibriúcháin €0.20m

Ceadóidh sé sin tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcothabháil shoilse sráide agus bóithre.

Turasóireacht / Imeachtaí €0.16m

Soláthraíonn sé sin do mhaoiniú breise chun Fine Gall a chur chun cinn mar áit turasóireachta chomh maith le maoiniú a chur ar fáil d'imeachtaí ar fud an Chontae.

Úsáid ioncaim bhreise ó rátaí gnó

Tá an t-ioncam méadaithe ón méadú ar na rátaí gnó (€2.47m) imfhálaithe sa bhuiséad le húsáid mar chaiteachas breise sna réimsí seo a leanas.

Clár Oibreacha Oibriúcháin

€0.65m

Áirítear leis sin caiteachas breise ar thrácht, cothabháil soilse poiblí, cosán agus droichead.

Ionaid Phobail

€0.65m

Soláthróidh sé sin cistiú um oibreacha feabhsúcháin agus athchóirithe ar ionaid phobail ar fud an Chontae.

Feabhsúcháin ar Stoc Tithíochta

€0.65m

Soláthróidh sé sin oibreacha caipitil ar stoc tithíochta na Comhairle. Áirítear leis sin uasghráduithe ar an gcóras téimh, soláthar fuinneog agus doirse nua etc.

Forbairt Eacnamaíoch

€0.25m

Cuimsítear leis sin oibreacha um chur chun cinn agus feabhsú na forbartha eacnamaíche i gCrios Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath (CEBÁC).

Comhshaol

€0.27m

Soláthróidh sé sin um athchóiriú ar bhainc bhuidéil ar fud an Chontae agus freisin d'oibreacha feabhsúcháin in ionaid beir leat.

Leis an gcaiteachas méadaithe sin déantar soláthar d'infheistíocht mhór sa Chontae. Tá sé ríthábhachtach agus an Chomhairle ar aghaidh ag fás go mbeadh na seirbhísí, an bonneagar agus na háiseanna arna gcur ar fáil ag an gComhairle ar aon dul leis sin. Sa bhuiséad seo cuirtear bonn dó sin ar fáil amach anseo.

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí Tofa na Comhairle as a dtacaíocht agus freisin mo bhuíochas a chur in iúl leis an Méara, an Cmhlr Mary McCamley agus an Cmhlr Darragh Butler a tháinig roimpi as a ngealltanais d'fhreagrachtaí speisialta na hoifige agus as a gcúirtéis agus a gcomhar, i dteannta leis an nGrúpa Beartais Chorpáidigh, agus gnó na Comhairle á dhéanamh i rith 2017. Táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhpháirt leis na Comhaltaí Tofa chun seirbhís phoiblí ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Fhine Gall.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne go léir as a ngealltanais agus a ndíograis agus seirbhísí á soláthar do mhuintir Fhine Gall. Cúram deacair agus éilitheach é ullmhú an Bhuiséid a chomhordaíonn an Rannóg Airgeadais agus ina mbíonn ról ag gach Rannóg ar fud na Comhairle. Chuige sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne go léir a bhí rannpháirteach sa Bhuiséad a ullmhú.

CONCLÚID

Ullmhaíodh an Buiséad tar éis machnamh sonrath a dhéanamh ar na riachtanais chaiteachais eile go léir ar fud na Comhairle. Dúshlán nach beag fós é freastal ar an éileamh ar leibhéal mhéadaithe de sheirbhís agus d'infheistíocht sa Chontae is tapa atá ag fás sa tír. Tacóidh an Buiséad, áfach, leis an gComhairle chun na seirbhísí a choimeád agus a fheabhsú a chuireann muid ar fáil dár gcuid príomhpháirtithe leasmhara.

Molaim glacadh leis an mBuiséad seo.



Paul Reid

Príomhfheidhmeannach

Samhain 2017

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council



ANAILÍS AIRGEADAIS



ANAILÍS AIRGEADAIS

Tréimhse Bhuiséadach Forordaithe

Tá an tréimhse ón 1 Samhain 2017 go dtí an 30 Samhain 2017 socraithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar thréimhse fhorordaithe le haghaidh na gComhairlí Contae chun Cruinniú Buiséid 2018 a reáchtáil. Reáchtálfar an Cruinniú Buiséid reachtúil ar an 7 Samhain 2017 agus ní mór glacadh leis an mBuiséad laistigh de thréimhse 14 lae a thosóidh ar an dáta sin. Mar sin is é an dáta deiridh chun glacadh leis an mBuiséad ná an 20 Samhain, 2017.

Táirgeacht 2017

Déanfar an cuntas ioncaim don bhliain 2017 a chomhardú de réir na réamh-mheastachán. Chun teacht ar bhuiséad comhardaithe déanann buacacht ioncaim ó NPPR, rátaí, táillí pleanála agus costais phárolla laghdaithe costais bhreise sa tSeirbhís Dóiteáin, íocaíochtaí conartha agus réimsí eile a chúiteamh.

An Buiséad

Tá an Dréachtbuiséad don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 leagtha amach san fhorordaithe. Sa Bhuiséad déantar soláthar do chaiteachas iomlán de €227,269,800 agus d'ioncam de €99,394,000. Áirítear le foinsí ioncaim, a bhfuil sonraí tugtha fúthu ar leathanach 16 den leabhar buiséid, iasachtaí tí, aisíocaíochtaí iasachta, táillí, muirir, deontais agus aisghabhálacha. Nuair a thógtar an t-ioncam sin san áireamh, fágfar glanriachtanas de €127,875,800 le maoiniú ó rátaí gnó agus an Leithdháileadh don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ).

Ós rud é gur vótáil na Comhaltaí ag cruinniú Mheán Fómhair ar son an ráta CMÁ a laghdú faoi 10% baineann é sin amach ioncam lánroghnach breise de €1,911,040 ó CMÁ. Meastar gurb é an t-ioncam lánroghnach foriomlán ó CMÁ ná €7,521,400 agus fágann sé sin iarmhéid de €120,354,400 le tobhach ó Rátaí Gnó. Don mhéid sin teastaíonn rátaí bliantúil ar luacháil (RBT) de 0.147 le haghaidh 2018.

RÁTAÍ GNÓ

Rinneadh athluacháil chun críocha rátála i bhFine Gall i 2009 agus é le teacht i bhfeidhm ó 2010 chun críocha rátála agus an bhliain sin ghlac an Chomhairle le Ráta Bliantúil ar Luacháil (RBL) de .150. I bhfianaise an chúlra eacnamaíoch ag an am laghdaíodh an RBL go .147 le haghaidh 2011 agus go .144 le haghaidh 2012 agus d'fhan sé ag an leibhéal sin go dtí 2017. Moltar ansin an RBL a mhéadú faoi 2% go .147 agus i dteannta le buacacht ó aonaid réadmhaoine atá luacháilte as an nua nó a bhfuil luacháil athbhreithnithe déanta orthu, tabharfaidh sé sin ioncam réamh-mheasta de €120,354,400 le haghaidh 2018. Tá an t-ioncam ó rátaí le haghaidh 2017 réamh-mheasta ag €115.84m. Tá an deontas in ionad rátaí ar an líonra uisce, ar gealltanas é ó DHPLG i dtaobh 2018, léirithe in ioncam Rannán H.

Cé nach féidir ár "ráta" a chur i gcomparáid le rátaí fhormhór na n-Údarás Áitiúil mar gheall ar an bpróiseas athluachála, is fíor a rá go bhfuil an t-ualach foriomlán rátaí laghdaithe ag an gComhairle d'íocóirí ráta i bhFine Gall ó rinneadh athluacháil ar an gContae chun críocha rátála i 2010. Tá an fhachtóir rátaí is ísle ag Fine Gall fós as na 4 húdarás áitiúil i mBaile Átha Cliath. Is fiú a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil an ráta comhlíontachta is airde sa tír ag Comhairle Contae Fhine Gall ó thaobh bhailiú rátaí agus os cionn 95.63% bailithe i 2016.

BANDAÍ RÁTA

Banda Ráta Ó € go €		Líon Cuntas	% Cuntas	Carnach Cun %		Ráta Reatha € %		Rátaí Carnacha	Carnach %
0	1,000	416	6.78%	416	6.78%	€64,779	0.22	€64,779	0.22
1,001	5,000	2,914	47.49%	3,330	54.27%	€8,184,073	6.80	€8,448,851	7.02
5,001	10,000	1,173	19.12%	4,503	73.39%	€8,039,648	6.68	€16,488,499	13.70
10,001	50,000	1,248	20.34%	5,751	93.73%	€7,729,944	23.04	€44,218,443	36.74
50,001	100,000	233	3.80%	5,984	97.52%	€15,537,702	12.91	€59,756,145	49.65
100,001	500,000	136	2.22%	6,120	99.74%	€24,768,855	20.58	€84,525,000	70.23
>500,000		16	0.26%	6,136	100.00%	€55,829,388	29.77	€120,354,388	100%
		6,136	100%			120354388	100		

RÁTAÍ AR AONAIÐ RÉADMHAOINE FOILMHE

In Alt 31 den Acht um Leasú Rialtais Áitiúil tugadh feidhm fhorchoimeáda nua do na Comhaltaí Tofa maidir leis an gcion den aisíocaíocht rátaí a bhaineann le haonaid réadmhaoine foilmhe. Foráiltear sa reachtaíocht gur féidir leis na Comhaltaí Tofa, mar fheidhm fhorchoimeáda, *"toghcheantar áitiúil nó toghcheantair áitiúla sonracha a shonrú laistigh de cheantar riaracháin áit a mbeidh úinéirí áitreabh folamh i dteideal cion difriúil den ráta contae a éileamh agus a fháil"* agus *"an cion den aisíocaíocht a shocrú a bheidh i gceist i dtaobh gach toghcheanta(i)r áitiúil"*.

Agus Buiséad 2017 á bhreithniú acu, rinne na Comhaltaí rún ráta aisíocaíochta um aonaid réadmhaoine foilmhe de 75% a chur i bhfeidhm le haghaidh 2017. Meastar go mbainfear ioncam de €1.1m i 2017 amach ón gcoigeartú sin ar an ráta aisíocaíochta. Ceanglaíonn an reachtaíocht ar na Comhaltaí an t-ábhar sin a bhreithniú gach bliain agus moltar go nglacfaí le ráta aisíocaíochta de 75% le haghaidh 2018.

STATISTICÍ FAOI RÁTAÍ D'AONAIÐ FHOLMHA I 2016

Toghcheantar Áitiúil	Áitribh Fohmha, líon na nÁitreabh	Líon Iomlán Áitreabh Tráchtála	Áitribh Fholmha mar % den iomlán
Baile Brigín	138	1,050	13%
Caisleán Cnucha	46	727	6%
Binn Éadair/Mullach Íde	106	1,208	9%
Mullach Eadrad	155	1,405	11%
Sord	169	1,673	10%
	614	6,063	10%

AN LEITHDHÁILEADH DON CHÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Sa Chiorclán Fin 08/2017 den dáta an 6 Deireadh Fómhair 2017 cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin Leithdháileadh athbhreithnithe sealadach don Cháin Mhaoine Áitiúil de €26,754,556 tar éis gur chinn na Comhaltaí Tofa an bunráta CMÁ a laghdú faoi 10%. Cuireadh ar an eolas í freisin faoin gcaoi go rabhthas chun soláthar a dhéanamh don mhéid de €19,233,202 chun roinnt seirbhísí sa rannán Tithíochta agus Bóithre a "fhéinmhaoiniú".

Seo a leanas anailís ar an Leithdháileadh don Cháin Mhaoine Áitiúil:

Comhairle Contae Fhine Gall - Leithdháileadh Cáin Maoine Áitiúil 2018	
	2018
CMÁ 100%	38,220,794
CMÁ 20% go Ciste Comhionannaithe	7,644,159
CMÁ Coinnithe go hÁitiúil (80%)	30,576,635
Bunlíne	3,699,275
Fasabarr 2018 (CMÁ Coinnithe go hÁitiúil - Bunlíne 2018)	26,877,360
Maoiniú Roghnach	7,644,159
Lúide laghdú 10%	3,822,079
Maoiniú Roghnach fanta	3,822,079
Leithdháileadh CMÁ 2018 (iar chinneadh ráta a athrú) LE LEITHDHÁILEADH MAR A LEANAS	26,754,556
CUNTAS IONCAIM	
CMÁ Iomlán Tithíochta (Cuntas Ioncaim)	1,818,756
CMÁ Iomlán Bóithre (Cuntas Ioncaim)	3,914,446
Maoiniú Roghnach	7,521,354
CMÁ IOMLÁN I GCUNTAS IONCAIM 2018	13,254,556
CMÁ Leithdháilte go Tionscadail Caipiteal Tithíochta	13,500,000
LEITHDHÁILEADH IOMLÁN CMÁ (80%)	26,754, 556

PÁRÓLLA

Cé go bhfuil costais phárolla (pá agus tuarastail) na Comhairle laghdaithe go mór ó bhí 2008 ann, tá costais phárolla le haghaidh 2018 ag dul i méid. Faoi láthair tá poist á líonadh ar bhonn cáis aonair mar chuid d'iarracht earcaíochta spriocdhírthe le faomhadh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá na costais phárolla (tuarastail agus pá) le haghaidh 2018 réamh-mheasta ag €67.6m.

Bliain	Pá (CLA)	Pá €	Tuarastail (CLA)	Tuarastail €	Pinsinéirí	Pinsin €
2008	617	31,794,000	973	54,530,300	551	6,010,700
2017 glactha	489	21,035,200	791	43,935,800	889	11,608,400
2017 roadh	492	21,097,600	828	42,696,400	885	11,903,800
2018	499	20,968,800	838	46,642,100	890	12,258,300

BEARTA ÉIGEANDÁLA AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (FEMPI)

Chuaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i gcomhairle leis an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le costais dhíchornadh FEMPI agus an Chomhaontú Náisiúnta Pá a tharlóidh in 2018, go háirithe maidir le harduithe i ráta pá agus Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí do lucht foirne reatha. Is é an leithdháileadh deireanach a dhéanfar d'údarais aonair na cion comhréireach na Comhairle den chistiú a bheidh ar fáil a ríomhfar ar bhonn na gcostas méadaithe iarbhír i 2018. Mar chuid de phróiseas an Bhuiséid, tá ioncam de €1,895,400 ceadaithe againn i mbuiséad 2018.

UISCE ÉIREANN

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce a sholáthar i gcomhréir leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS) agus an Plean Seirbhíse Bliantúil mar atá comhaontaithe. Ní thógfar chun críche na cruinnithe le hUisce Éireann chun aontú ar bhuiséid bhliantúla agus pleananna seirbhíse bliantúla go dtí níos deireanaí i mí na Samhna. Leagtar an chuid is mó den chaiteachas ar Sheirbhísí Uisce anois ar chóras bainistíochta airgeadais Uisce Éireann agus níl sé léirithe i gcostais na Comhairle. Baineann na príomhchostais atá léirithe i Rannán C le párolla, aisíocaíochtaí iasachtaí um praghsáil uisce, costais árachais agus roinnt costas fuinnimh.

Meastar maidir leis na costais réasúnta go léir arna dtabhú ag an gComhairle agus seirbhísí uisce á soláthar faoi théarmaí faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse, go gclúdódh Uisce Éireann iad agus sin an seasamh atá léirithe i mBuiséad 2018.

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN:

Trí chomhaontú, is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil le haghaidh cheithre hÚdarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath. Roinntear glanchostas na seirbhíse idir na hÚdaráis, ag tógáil san áireamh daonra Fhine Gall mar chéatadán de cheithre hÚdarás Bhaile Átha Cliath, líon na dteaghlach i ngach ceantar riaracháin agus an luacháil inrátáilte. Meastar gurb é cion Fhine Gall de chostas na seirbhíse dóiteáin i 2018 ná €19.85m agus léiríonn sé méadú €539k ó bhuiséad 2017, saincheist ar ábhar imní í fós. Seo a leanas mar a chionroinntear costais na Seirbhíse Dóiteáin idir ceithre hÚdarás Bhaile Átha Cliath:

Local Authority	Budget 2017		Revised 2017		Budget 2018	
	Net Cost	Apportioned %	Net Cost	Apportioned %	Net Cost	Apportioned %
Dublin City Council	47,568,948	47.69	50,139,731	47.63	48,683,894	47.63
Fingal County Council	19,310,858	19.36	20,441,771	19.42	19,849,700	19.42
South Dublin County Council	18,373,244	18.42	19,363,997	18.39	18,796,910	18.39
Dun Laoghaire Rathdown	14,493,118	14.53	15,323,670	14.56	14,882,164	14.56
	99,746,168	100	105,269,168	100	102,212,668	100

COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE

Cuimsíonn gach rannán cionroinnt de chostais riaracháin ghinearálta agus d'fhorchostais nach bhfuil imhuirir go díreach do rannán sonrath. Tá na costais leagtha amach in Aguisín 1 agus is ionann iad €44.4m le haghaidh 2018. Cuirtear na costais sin i ngrúpaí mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' agus cuimsíonn siad speansais chóiríochta, tuarastail nach bhfuil imhuirir go díreach do rannán áirithe, pinsin, scor, aiscí, seirbhísí ríomhaire, speansais dlí, post, guthán, priontáil, stáiseanáireacht agus fógraíocht. Rinneadh na forchostais sin a leithdháileadh do Rannáin agus Sheirbhísí ar bhonn spreagthóirí náisiúnta costais.

Tá anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse leagtha amach thíos:-

Forchostas Gnóthaí Corparáideacha	6,453,000
Tuarastail Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Dlí agus Seirbhísí Iniúchóireachta, lena n-áirítear an Coiste Iniúchóireachta. Tá costais a bhaineann le Cumarsáid agus imeachtaí agus féilte ar fud an chontae san áireamh freisin. Cuirtear costais riarachán pholasaithe árachais na Comhairle faoin gceannteideal seo.	
Forchostas Foirgníochta Corparáideach	11,718,800
Costais a bhaineann le soláthar agus cothabháil na nOifigí Corparáideacha (Halla an Chontae, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín). Costais phárolla Ailtirí agus póirtéirí, aisíoc iasachtaí Halla an Chontae, oifigí Bhaile Blainséir agus costais Bialainne. Soláthar anseo freisin le iarmhéideanna dochair a mhaoiniú a bhaineann le costais chóiríocht oifige a thógáil, lena n-áirítear soláthar le hOifigí Bhaile Brigín a cheannach.	
Forchostas Airgeadais	2,816,700
Costais phárolla don Roinn Airgeadais, lena n-áirítear Árachais, Cuntais Iníochta, Bainistiú agus Rialú Airgeadais, costais Seirbhísí Bainistiú Airgeadais agus Soláthair	
Acmhainní Daonna	3,352,800
Costais phárolla don Roinn Acmhainní Daonna agus don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta. Costais oifige le haghaidh riarachán párolla don bhfoireann agus do phinsinéirí	
Seirbhísí TF	5,313,600
Costais foirne TF, lena n-áirítear bonneagar líonra, freastalaithe, ríomhairí deisce, glúine agus cruu-earraí cumarsáide. Áirítear córais TF a fhreastalaíonn ar riachtanais gnó gach Roinne agus eisiúint Ceadúnais Ríomhchlár faoin teideal seo.	
Forchostas Pinsean agus Cnapshuimeanna	14,793,100

CLÁR CAIPITIL 2018 – 2020

Sonraíodh an clár caipitil 2018 – 2020 ag na Comhaltaí ag an gCruinniú Comhairle ar an 9 Deireadh Fómhair 2017. Aithnítear ann 179 tionscadal aonair lena ngabhann caiteachas measta de €502.52m i gcaitheamh na 3 bliana. Tá roinnt tionscadal faoin gclár ag brath ar mhaoiniú ónár mbuiséad loncainm (trí mheán aistrithe caipitil). Rinneadh soláthar don mhaoiniú sin ar bhealach réalaíoch agus iarracht á déanamh bheith cinnte go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil freisin do chaiteachas agus ghealltanais chaipitil.

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council




**ANAILÍS AIRGEADAIS -
GRAIF**




Caiteachas an Duine sa Daonra (HOP)

	Caiteachas	% den Bhuiséad	Caite per HOP
Tithíocht agus Tógáil	€61,107,200	26.89%	€206.29
Iompar agus Sábháilteacht Bóthair	€25,856,900	11.38%	€87.29
Seirbhísí Uisce	€20,727,200	9.12%	€69.97
Bainistíocht Forbartha	€21,108,100	9.29%	€71.26
Seirbhísí Comhshaoil	€42,728,100	18.80%	€144.25
Caitheamh Aimsire agus Conláiste	€42,518,500	18.71%	€143.54
Talmhaíocht, Sláinte, Leas agus Oideachas	€1,059,900	0.47%	€3.58
Seirbhísí Ilghnéitheacha	€12,163,900	5.35%	€41.06
	€227,269,800	100.00%	€767.25




* Daonra 296,214 - Daonáireamh 2016

CAITEACHAS IONCAIM BLIAIN AR BLIAIN 2011 - 2018




Na réimsí Caiteachais




Anailís ar Chaiteachas

	Budget 2017	Revised Budget 2017	Budget 2018
	€	€	€
<u>Párolla</u>			
Tuarastail & Pá	64,971,000	63,794,000	67,610,900
Speansais Phárolla Eile	1,772,600	1,768,900	1,785,300
Pinsin & Aiscí	13,808,400	14,078,800	14,758,300
<u>Speansais Oibriúcháin</u>			
Ceannach Talún & Trealamh	714,700	1,106,000	953,700
Deisiúcháin & Cothabháil	282,700	282,300	273,200
Íocaíochtaí Conartha	17,183,200	18,631,700	19,345,200
Seirbhísí Gníomhaireachta	28,683,900	28,403,700	33,313,800
Fruiliú Fearais	1,291,700	1,448,800	1,360,400
Cúrsaí Ábhair & Stórais	2,677,500	2,577,700	2,291,900
Deontais Tí	2,200,000	2,412,000	2,412,000
Íocaíochtaí Deontas/Fóirdheontas	3,120,200	3,518,100	3,177,700
Costais Chomhalta	333,500	333,500	342,500
Táillí Comhairleachta & Gairmiúla	2,538,000	2,774,400	3,267,800
Fuinneamh	4,435,100	4,348,200	4,318,400
Costais RAS	11,200,000	11,400,000	11,450,000
Speansais Oibriúcháin Eile	6,787,800	7,046,000	7,062,000
<u>Speansais Riaracháin & Bhunaithe</u>			
Cumarsáid	1,038,000	1,180,000	1,281,800
Oiliúint & Earcaíocht	983,500	999,500	1,124,600
Priontáil & Stáiseanóireacht	504,600	457,400	612,800
Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Eile	1,734,600	2,206,000	1,837,500
Speansais Riaracháin Eile	2,778,600	3,120,500	3,280,600
Cíosanna & Rátaí	3,049,600	3,054,800	3,105,200
Cáin Réadmhaoine Áitiúil	375,000	345,000	360,000
Speansais Bhunaithe Eile	684,600	696,500	684,600
Speansais Airgeadais (lasachtaí & Léasaí san áireamh)	25,945,900	21,977,200	22,684,600
Aistrithe go Caipiteal	13,641,200	14,178,400	13,467,500
Ilghnéitheach	3,217,900	5,209,700	5,107,500
	215,953,800	217,349,100	227,269,800




Anailís ar Ioncam

	Budget 2017	Revised Budget 2017	Budget 2018
	€	€	€
Rátaí Gnó	115,580,000	115,837,800	120,354,400
Deontais (deontais féinmhaoinithe CMÁ san áireamh)	39,738,600	39,195,400	44,084,200
Déaduchtuithe Aoisliúntais & Pinsin	2,150,800	1,900,000	1,700,000
Cáin Réadmhaoine Áitiúil (Roghnach)	5,605,200	5,605,200	7,521,400
Cíos Tí	15,881,800	15,881,800	16,826,000
Cíos Tí Eile	4,220,000	4,300,000	4,440,000
Iasachtaí Tí, Ús & Muirir	2,802,800	2,691,300	2,497,300
Uisce Éireann	16,147,100	16,008,000	15,811,600
Ioncam ó Ionaid Athchúrsála & Líonadh Talún	450,000	584,000	584,000
Táillí Pleanála	1,042,000	1,328,000	1,421,000
Táillí/Muirir Pháirceála	1,785,000	1,741,000	1,741,000
Caitheamh Aimsire & Gníomhaíochtaí Taitneamhachta ((80,000	80,000	80,000
Táillí & Fíneálacha Leabharlainne	57,600	45,000	45,000
Seirbhísí Gníomhaireachta & Aisíoc le hÚÁna eile	2,421,500	1,026,800	659,100
Lígean ar Cíos Réadmhaoine & Léasú Talún	1,452,000	1,524,600	1,484,600
Táillí Dóiteáin	750,000	750,000	750,000
NPPR	1,300,000	2,100,000	1,600,000
Táillí & Fíneálacha Leabharlainne	1,985,900	2,161,000	2,151,000
Ioncam Ilghnéitheach	2,503,500	4,589,200	3,519,200
	215,953,800	217,349,100	227,269,800



Scaipeadh Ioncam ó Rátaí Gnó Buiséadaithe 2018 - €120.35m



Tagraíonn an “Luacháil Dhomhanda” do luachálacha ar fhóntais (lónraí) éagsúla mar B.S.L., Bord Gáis lónraí teileachumarsáide éagsúla agus an lónra uisce dromchla.



Buiséad Reachtúil

TÁBLAÍ A - E



Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar gheall ar an leibhéal sonraí a bhaineann le leithdháileadh Costais Tacaíochta Seirbhíse, go bhféadfadh fadhbanna slánaithe a bheith le feiceáil i roinnt táblaí. Níl aon éifeacht ábhartha acu seo agus níl tionchar acu ar figiúir iomlána an bhuiséid.

TÁBLA - AN RÁTA BLIANTÚIL LUACHÁLA A RÍOMH DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2018

Comhairle Contae Fhine Gall

Achoimre de réir Rannán Seirbhíse	Caiteachas €	Ioncam €	Glanchaitea chas Buiséid 2018 €	%	Glantáirgeacht Mheasta 2017 €	%
Ollchaiteachas Ioncaim agus Ioncam						
A Tithíocht agus Foirgníocht	61,107,200	52,866,700	8,240,500	6.4%	6,864,700	5.7%
B Iompair & Sábháilteacht ar Bhóithre	25,856,900	6,989,300	18,867,600	14.8%	17,191,800	14.2%
C Seirbhísí Uisce	20,727,200	19,093,700	1,633,500	1.3%	1,161,500	1.0%
D Bainistíocht Forbartha	21,108,100	4,228,500	16,879,600	13.2%	16,095,900	13.3%
E Seirbhísí Comhshaoil	42,728,100	4,469,100	38,259,000	29.9%	39,193,200	32.3%
F Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht	42,518,500	2,065,300	40,453,200	31.6%	38,117,300	31.4%
G Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,059,900	261,700	798,200	0.6%	730,200	0.6%
H Seirbhísí Ilghnéitheacha	12,163,900	9,419,700	2,744,200	2.1%	2,088,600	1.7%
	227,269,800	99,394,000	127,875,800	100.0%	121,443,200	100.0%
Soláthar um larmhéid Dochair			3,760,000			
OLLCHAITEACHAS AGUS OLLIONCAM COIGEARTAITHE (A)			131,635,800		121,443,200	
Soláthar um larmhéid Dochair			3,760,000			
Cáin Réadmhaoine Áitiúil *			7,521,400		-	
FO-IOMLÁN (B)			11,281,400		-	
GLANMHÉID NA RÁTAÍ A BHFUIL TOBHACH LE GEARRADH ORTHU			120,354,400			
Luach an Choigeartaithe don Bhonnbhliain						
GLANMHÉID NA RÁTAÍ A BHFUIL TOBHACH LE GEARRADH ORTHU (OLLMHÉID an CBB) (D)			120,354,400			
GLANLUACHÁIL ÉIFEACHTACH (E)			818,737,300			
RÁTA BLIANTÚIL GINEARÁLTA AR LUACHÁIL (D) / (E)						.147

* Seasann do Cháin Mhaoine Áitiúil Roghnach (Leithdháileadh um Cháin Mhaoine Áitiúil Iúide Féinmhaoiniú). Féach ar Aguisín 2 le haghaidh na sonraí faoin leithdhá leithdháileadh iomlán CMA

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam le haghaidh 2018 agus Táirgeacht Mheasta le haghaidh 2017

Rannán agus Seirbhísí	2018				2017			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
A Tithíocht agus Foirgníocht								
A01 Cothabháil & Feabhsú Aonaid Tí an ÚÁ	10,880,600	10,880,600	16,954,000	16,954,000	10,613,900	10,740,800	16,067,000	16,090,300
A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	1,391,600	1,391,600	36,300	36,300	1,195,700	1,222,100	52,600	44,400
A03 Cíos Tí agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar	2,024,100	2,024,100	42,200	42,200	1,628,800	1,638,400	54,300	44,500
A04 Tacaíocht Tithíochta agus Forbartha Pobail	1,629,500	1,629,500	48,500	48,500	1,551,900	1,570,700	74,700	63,900
A05 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riar	3,521,700	3,521,700	271,400	271,400	2,861,000	2,908,900	285,100	277,400
A06 Tacaíocht don Chlár um Chaipiteal Tithíochta	8,365,900	8,365,900	5,527,100	5,527,100	8,039,400	8,147,000	5,857,900	5,540,200
A07 Clár SCC & Léasaithe	25,034,900	25,034,900	24,407,700	24,407,700	21,250,600	19,989,700	21,004,100	19,612,900
A08 Iasachtaí Tí	4,390,700	4,390,700	3,563,300	3,563,300	4,341,400	4,433,700	3,757,500	3,726,700
A09 Deontais Tí	3,007,100	3,007,100	1,946,100	1,946,100	2,963,800	3,086,600	1,785,100	1,950,000
A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	321,200	321,200	-	-	273,300	317,700	-	-
A12 Clár ÍCT	539,900	539,900	70,000	70,000	372,100	209,400	150,000	50,000
A Iomlán Rannáin	61,107,200	61,107,200	52,866,600	52,866,600	55,091,900	54,265,000	49,088,300	47,400,300

Tábla B: Caiteachas agus Ioncam le haghaidh 2018 agus Táirgeacht Mheasta le haghaidh 2017

Rannán agus Seirbhísí	2018				2017			
	Caiteachas		Ioncam		Caiteachas		Ioncam	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
B Iompair & Sábháilteacht ar Bhóithre								
B01 Príomhbhóithre Náisiúnta - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-	-	-	-	-
B02 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád - Cothabháil agus Feabhsú	-	-	-	-	-	-	-	-
B03 Bóithre Réigiúnacha - Cothabháil agus Feabhsú	6,814,500	6,814,500	2,072,700	2,072,700	7,041,200	6,642,700	2,155,100	2,125,900
B04 Bóithre Áitiúla - Cothabháil agus Feabhsú	8,041,900	8,041,900	2,039,700	2,039,700	6,929,400	7,498,700	2,086,300	2,064,100
B05 Soilse Poiblí	4,723,100	4,723,100	452,100	452,100	4,456,500	4,538,000	478,400	460,400
B06 Feabhsú Bhainistíocht Trácta	2,460,200	2,460,200	48,500	48,500	2,376,500	3,359,200	46,500	950,000
B07 Feabhsú ar Innealtóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre	-	-	-	-	-	-	-	-
C04	Public Conveniences	€282,900
C05	Admin of Group & Private Installations	€7,200
C06	Support to Water Capital Programme	€1,384,000
C07	Agency & Recoupable	€4,900
C08	Local Authority Water and Sanitary Services	€1,570,100
		€20,727,200



Ioncam

DHPLG Grants	€2,761,200
Irish Water	€15,811,600
Other Income	€208,300
Superannuation	€312,500
	€19,093,600



Tábla F - Caiteachas

Rannán C – Seirbhísí Uisce

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
C0101 Ionaid & Líonraí Uisce	8,418,200	8,418,200	8,076,000	8,045,800
C0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	2,828,600	2,828,600	2,919,800	2,897,700
C01 Soláthar Uisce	11,246,800	11,246,800	10,995,800	10,943,500
C0201 Ionaid agus Líonraí Fuíolluisce	4,008,400	4,008,400	4,079,500	3,895,500
C0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	2,222,900	2,222,900	2,383,000	2,359,700
C02 Cóireáil Fuíolluisce	6,231,300	6,231,300	6,462,500	6,255,200
C0301 Bainistíocht Fiach Uisce agus Fuíolluisce	-	-	-	-
C0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
C03 Bailiú Táillí Uisce agus Fuíolluisce	-	-	-	-
C0401 Oibriú agus Cothabháil Fóntas Poiblí	202,200	202,200	214,700	213,500
C0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	80,700	80,700	59,100	59,100
C04 Fóntais Phoiblí	282,900	282,900	273,800	272,600
C0501 Deontais um Shuiteálacha Aonair	7,200	7,200	-	7,200
C0502 Deontais um Ghrúpscéimeanna Uisce	-	-	-	-
C0503 Deontais um Ghrúpscéimeanna Fuíolluisce	-	-	-	-
C0504 Fóirdheontais um Ghrúpscéimeanna Uisce	-	-	-	-
C0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
C05 Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha a Riar	7,200	7,200	-	7,200
C0601 Dearadh agus Maoirseacht Theicniúil	831,200	831,200	1,104,400	952,600
C0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse	552,800	552,800	793,900	798,200
C06 Tacaíocht don Chlár um Chaipiteal Uisce	1,384,000	1,384,000	1,898,300	1,750,800
C0701 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	2,000	2,000	2,000	2,000
C0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse	2,900	2,900	1,400	1,400
C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	4,900	4,900	3,400	3,400
C0801 Seirbhísí Uisce agus an Údarás Áitiúil	69,000	69,000	109,900	68,500
C0802 Seirbhísí Uisce agus an Údarás Áitiúil	1,337,400	1,337,400	1,320,500	1,288,300
C0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse	163,700	163,700	87,600	90,200
C08 Seirbhísí Uisce agus Sláinteachais an Údarás Áitiúil	1,570,100	1,570,100	1,518,000	1,447,000
C Iomlán Rannáin	20,727,200	20,727,200	21,151,800	20,679,700

Tábla F - Ioncam

Rannán C – Seirbhísí Uisce

	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
Ioncam de réir Foinse				
Deontais & Fóirdheontais Rialtais				
Tithíocht, Pleanáil & Rialtais Áitiúil	2,761,200	2,761,200	2,800,900	2,754,300
Deontais & Fóirdheontais Eile	-	-	-	-
Iomlán na nDeontas & na bhFóirdheontas Rialtais	2,761,200	2,761,200	2,800,900	2,754,300
Earraí & Seirbhísí				
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha	-	-	-	-
Aoisliúntas	312,500	312,500	425,700	376,100
Uisce Éireann	15,811,600	15,811,600	16,147,100	16,008,000
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	208,300	208,300	529,400	379,800
Iomlán Earraí & Seirbhísí	16,332,400	16,332,400	17,102,200	16,763,900
Iomlán Rannán 'C'	19,093,600	19,093,600	19,903,100	19,518,200

Rannán D

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Leanann líon na n-iarratas pleanála ar aghaidh ag dul i méid gach bliain ag níos mó ná 8%, rud a thugann le tuiscint go bhfuil fás leanúnach ar siúl san earnáil foirgníochta. Tá an Córas Pleanála agus gnóthais agus próisis inmheánacha á n-athbhreithniú i gcónaí chun réimsí feabhais a aithint agus chun seirbhís phleanála níos fearr a thabhairt don phobal, mar shampla tá obair ar siúl maidir leis an tairseach pleanála náisiúnta ar líne a thabhairt isteach.

Glacadh le Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha 2016-2020 ar an 14 Nollaig 2015 agus is scéim uile-Chontae í. Déantar cuntas i leith na dtobhach go léir agus caitear iad ar bhonn uile-Chontae ar bhonneagar poiblí agus áiseanna a chuireann le leas na forbartha i gceantar an Chontae go léir. Tugadh feidhm don Scéim ar an 1 Eanáir, 2016.

PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2017–2023

Glacadh le Plean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 ar an 16 Feabhra, 2017. Sa Phlean Forbartha leagtar amach beartais agus cuspóirí beartaithe na Comhairle um forbairt an Chontae i gcaitheamh thréimhse an Phlean. Sa Phlean Forbartha féachtar chuig sócmhainní sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus cultúrtha an Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú, ar bhealach inbhuanaithe.

PLEANÁIL DON TODHCHAÍ

Aithníodh cuid mhór Pleananna Limistéir Áitiúil, Máistirphleananna, Pleananna Creat Uirbigh, Staidéir agus Tionscadail eile sa Phlean Forbartha Contae nua. Cuireadh an liosta tionscadal, atá foilsithe i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh don chruinniú comhairle iomláine i mí Mheán Fómhair 2017 in ord tosaíochta i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas don Chomhairle agus clúdaíonn siad an tréimhse 2017 – 2019 le bheith ar siúl ag an am céanna leis an athbhreithniú ag lár an Phlean Forbartha i 2020;

- An soláthar tithíochta sa Chontae a mhéadú
- Tacú le fás ar gheilleagar Fhine Gall, poist a chruthú agus tacú le gnó agus
- Tairiscint agus margaíocht na turasoireachta sa Chontae a neartú

Cuimsíonn an liosta tionscadal beartaithe tionscadail sa Phlean Forbartha a bhfuil amfhráma sainithe um chur i gcrích ag gabháil leo chomh maith leis na tionscadail a mheastar gurb iad na tionscadail is fearr chun cuspóirí straitéiseacha na Comhairle a chomhlíonadh ó thaobh fháil acmhainní. Leanfar ar aghaidh ag athbhreithniú an chlár de réir mar a athróidh tosaíochtaí.

AN CISTE BONNEAGAIR ÁITIÚIL UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA A GHNÍOMHACHTÚ (CBÁSTG) & FOIRGNÍOCHT 2020

Leis an bPlean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, Rebuilding Ireland, bunaíodh an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG) um infheistíocht i mbonneagar a bheadh imleor chun láithreáin tithíochta sna hionaid chúí agus den scála cuí a ghníomhachtú go luath.

Maoineofar an CBÁSTG trí chistiú €150m ón Státchiste agus é meaitseáilte ag cistiú Údaráis Áitiúil de €50m. I nDeireadh Fómhair 2017 d'fhaomh an tAire maoiniú iomlán CBÁSTG de €26.58m um thrí thionscadal CBÁSTG i bhFine Gall; Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, An Seanbhaile/Baile na Móna agus Baile Dúill/Steach Póilín. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur chun cinn na dtionscadal sin tríd na céimeanna éagsúla de dheiradh agus sheachadadh i 2018.

AN PLEAN OIDHREACHTA

I 2018 leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta nua d'Fhine Gall agus leanfaidh siad ar ag glacadh páirte i gclár Fhine Gall um Éire Ildánach. Is í aidhm na hoibre ná déanamh cinnte go gcosnaíonn, go mbainistíonn agus go gcuireann muid chun cinn oidhreachta shaibhir nádúrtha agus chultúrtha Fhine Gall. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag cur chun cinn rannpháirtíocht an phobail trí chlár nuálacha mar tionscadail seandálaíochta pobail ar nós na dtionscadal ar tugadh fúthu le déanaí i gCaisleán Shord agus i gCaisleán Bhrí Mhóir. Freisin leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag tacú le Seachtain na hOidhreachta agus le himeachtaí oidhreachta eile ar fud an Chontae agus leanfaidh siad ar aghaidh ag tacú le grúpaí oidhreachta áitiúla trí Lónra Oidhreachta Fhine Gall.

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tacaíonn an Rannóg Eacnamaíoch, Fiontair agus Forbartha Turasóireachta le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe ar Fhine Gall trí thionscadail a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú a chuireann ar bhealach dearfach le forbairt eacnamaíoch an Chontae. Tá an Rannóg rannpháirteach i margaíocht agus i gcur chun cinn pháirceanna tionscail na Comhairle chomh maith le Fine Gall mar áit mhaith do ghnó. Freisin cuireann an Rannóg tionscnaimh chun cinn a chothaíonn cultúr fiontraíochta sa Chontae.

Thug an Rannóg Eacnamaíoch, Fiontair agus Forbartha Turasóireachta tacaíocht agus anailís bheartais ar fud na Comhairle maidir le forbairt chásanna gnó, measúnú ar thionchar eacnamaíoch agus tagarmharcáil. Tá an obair sin mar bhonn eolais do Chomhairle Contae Fhine Gall thar raon de réimsí beartais.

TARRAINGT INFHEISTÍOCHTA

Tá forbairt ar scála náisiúnta tagtha ar Chrios Fiontair Bhaile Átha Cliath (CFBÁC), a chuimsíonn Baile Dama, Baile Cúlann agus Cherryhound, le 20 bliain anuas agus é tacaíte ag cuid mhór infheistíochta poiblí agus príobháidí. Tá 20 Páirc Ghnó sa cheantar faoi láthair agus thart ar 1,100 áitreabh gnó iontu. Tacaítear le os cionn 19,500 post i meascán de chomhlachtaí FDI agus dúchasacha.

Tá an Chomhairle tiomanta chun leanúint ar aghaidh ag infheistiú i mbainistíocht agus i gcur chun cinn CFBÁC. Leanfaidh an Rannóg Eacnamaíoch, Fiontair agus Forbartha Turasóireachta ar aghaidh ag cur le rath CFBÁC. Cuireadh cistiú ar fáil sa bhuiséad um

thionscnaimh eile chun feabhas a chur ar an mbonneagar sa cheantar agus chun an crios a mhargú agus a chur chun cinn mar áit den scoth um infheistíocht ghnó.

Ina theannta sin, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tarraingt infheistíochta i ngach ionad sa Chontae lena n-áirítear i mBaile Stiofáin agus i mórcheantar Bhaile Brigín ina bhfuil cor chun feabhais ar siúl faoi láthair agus a bhainfidh leas as infheistíocht mhór faoi Chlár Caipitil na Comhairle.

AN COISTE UM FORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL

San Acht um Leasú Rialtais Áitiúil 2014 déantar foráil do ról níos lárnaí le haghaidh Comhairlí san fhorbairt eacnamaíoch agus pobail, lena n-áirítear CFPÁna. Tá Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Fhine Gall freagrach as comhordú, pleanáil agus maoirsiú tionscnamh um forbairt áitiúil lena n-áirítear Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail (PÁEP) Fhine Gall a chur i bhfeidhm. Is é an t-údarás conarthach don Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) i bhFhine Gall, clár ar fiú €1.2m san iomlán é gach bliain agus déanann sé socrú um chur i bhfeidhm agus maoirsiú Chlár Tuaithe LEADER Bhaile Átha Cliath €6.3m (2015-2020) trí Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla (GGÁ) Bhaile Átha Cliath.

AN PLEAN ÁITIÚIL EACNAMÁÍOCHTA AGUS POBAIL

Ghlac an Chomhairle leis an PÁEP i mí na Nollag 2015 agus cuimsítear ann gníomhartha a chuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall i gcrích go díreach agus gníomhartha arna stiúradh nó á chur i gcrích i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara forbartha eile. Tá cur i bhfeidhm an Plean ar siúl thar shé théama agus 10 dtionscnamh suaitheanta aitheanta le haghaidh thréimhse 2017.

AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Tá an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) ar cheann de 31 OFÁ ar fud na tíre. Is í OFÁ Fhine Gall an 'Chéad Áit' um thacaí fiontair sa Chontae agus cuirtear maoiniú i gcatagóirí de réir dhá bhearta:

Gníomhaíochtaí Beart a hAon (Idirghabháil Airgeadais Roghnach)

Faoi láthair soláthraíonn OFÁ Fhine Gall raon de thacaí airgeadais do ghnóthais bheaga a cháilíonn agus atá lonnaithe sa Chontae. Is í príomhaidhm na dtacaí sin ná fás a spreagadh agus fostaíocht a chruthú i ngnóthais nua a cháilíonn agus i ngnóthais bheaga seanbhunaithe ar féidir leo acmhainn fáis idirnáisiúnta a léiriú.

Is iad na cineálacha maoinithe atá ar fáil ná Cúnamh Deontais um Staidéar Indéantachta/Nuáil (€20,000 ar a mhéad), maoiniú um Ullmhú Gnó (gnóthais nua, suas go €80,000 de ghnáth) agus Cúnamh Deontais um Méadú Gnó (le haghaidh gnóthas seanbhunaithe, suas go €80,000 de ghnáth).

Gníomhaíochtaí Bheart a Dó (Tacaí Boga)

Cuirtear tacaí ar beaga ar fáil trí CFÓ Fhine Gall agus cuimsíonn siad Oiliúint ar Fhorbairt Bainistíochta, Seirbhísí Comhairleacha agus Meantóireachta Gnó, soláthar Seirbhíse Céad Stad, Líonrú Gnó, tionscnaimh um allmhairí agus thrádáil Idirnáisiúnta agus

tionscnaimh um chur chun cinn an fhiontair. Ritheadh Seachtain Fiontraíochta Fhine Gall i 2017 don seachtú bliain as a chéile agus maoiníodh go príomha í ag meascán de mhaoiniú lárnach OFÁ, cistí Forbartha Eacnamaíche, cistiú urraíochta agus táillí oiliúna a fuarthas.

I measc tionscnamh eile tá:

- An comórtas don *Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn*
- An scéim um *Dhearbháin Trádála Ar Líne*
- I measc tionscnamh earnaála tá an tAcadamh Bia, kickstart agus Slabhra Bia Átha Cliath

Sa deireadh is é an *Clár Fiontair do Dhaltaí* de chuid an Oifig Fiontair Áitiúil an tionscnamh is mó um foghlaim faoi fhiontar in Éirinn, agus os cionn 20,000 dalta ag glacadh páirte ann gach bliain. Tá an tionscnamh seo, a dearadh chun cur ar chumas dhaltaí dara leibhéal scileanna gnó agus fiontair don saol réadúil a fhoghlaim dírithe ar gach leibhéal i meánscoileanna ón gcéad bliain go dtí an séú bliain.

IONAID FIONTAIR

D'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall trí hionad fiontair um ghnóthais nua agus leanann siad ar aghaidh ag tacú leo:

- In Ionad Fiontair BASE, Mullach Eadrad, a bunaíodh i 1996, tá 30 aonad a thacaíonn le 24 ghnóthas agus 100 post.
- In Ionad Fiontair BASE, Baile Brigín, a bunaíodh i 1999, tá 20 aonad a thacaíonn le 18 ngnóthas agus 95 phost.
- In Ionad Fiontair Dhraighneáin, Sord a bunaíodh i 2010, tá 35 aonad a thacaíonn le 30 ghnóthas agus 125 post.

Nuair a thógtar le chéile iad, tá na trí hionad fiontair beagnach lán, rud a léiríonn an t-éileamh lárnach ar spásanna gorlainne agus um fiontair nua.

CUR CHUN CINN NA TURASÓIREACHTA

I mí an Mhárta 2017 sheol Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall a Ráiteas Straitéise agus Clár Oibre Turasóireachta le haghaidh 2017 – 2022, a chuireann leis an Straitéis a foilsíodh i 2015. Sa chlár seo féachtar ar áisitheoirí turasóireachta, nascacht, cóiríocht agus scileanna agus eispéiris lárnacha; tarraingtí, turasóireacht ghnó, margaíocht, imeachtaí agus bia.

Tá Tionscnamh Bhranda Réigiúnach Bhaile Átha Cliath, *“Dublin: A Breath of Fresh Air”* á thacú ag ceithre húdarás áitiúil Bhaile Átha Cliath, Fáilte Éireann agus an earnaíl ghnó turasóireachta. Tá buiséad de €83,000 curtha ar fáil i mbuiséad 2018 le haghaidh an fheachtais seo. Freisin leanann Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag tacú le Fingal Tourism Ltd chun cur chuige comhtháite a chinntiú i dtreo forbairt turasóireachta a chur i gcrích sa Chontae.

Leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015–2018 i 2017. I mí an Mheithimh i mbliana, seoladh an straitéis branda d’Fhine Gall, rud a chuir barr feabhais ar bhranda nua Fháilte Éireann le haghaidh *“Dublin - A Breath of Fresh Air”* agus a léiríonn gealltanas na Comhairle chun forbairt na turasóireachta sa Chontae.

FOIRGNIMH STAIRIÚLA

Tá an Rannóg Eacnamaíoch, Fiontair agus Forbartha Turasóireachta freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt leanúnach na bhfoirgneamh oidhreachta de chuid na Comhairle ar fud an Chontae. Oibríonn an Rannóg go comhoibritheach chun an leas is fearr a bhaint as acmhainn gach foirgnimh ó thaobh turasóireachta agus chruthú poist i 2018. Tar éis go ndearnadh an t-Athbhreithniú Straitéiseach ar an bpunann sócmhainní oidhreachta ar fud an Chontae, tá infheistíocht mhór á chur chun cinn i 2018 agus ina dhiaidh sin.

Beidh conradh nua oibreora i bhfeidhm le haghaidh foirgneamh reatha ag deireadh 2017 agus cuimsítear le pleananna freisin plean forbartha gnó do Chaisleáin Bhrí Mhór agus staidéar indéantachta do Mhuileann Shackleton, Leamhcán.

IMEACHTAÍ

Leanann an tAonad Imeachtaí i gComhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag soláthar imeachtaí poiblí ardchaighdeáin do phobail áitiúla agus do chuariteoirí idirnáisiúnta. Áirítear le buiséad 2018 cistiú um imeachtaí arna soláthar go díreach ag Comhairle Contae Fhine Gall, féilte áitiúla agus infheistíocht chun imeachtaí gnó móra a tharraingt chuig an gContae. Ceadóidh maoiniú leanúint ar aghaidh leis an gclár imeachtaí uile-Chontae agus é a mhéadú de réir a chaighdeáin aird reatha.

CUIBHRINN

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar thart ar 900 cuibhreann ar láithreáin i mBaile Bhlainséir, Domhnach Bat, na Sceirí agus Baile Brigín. Tá páirceáil, soláthar uisce, draenáil agus ithir mhaith ar fáil i ngach scéim.

COMHAIRLE NA NÓG

Is í Comhairle na nÓg an struchtúr trína bhfuil leanaí agus daoine óga rannpháirteach i Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile agus an Creat Náisiúnta Beartais do Leanaí agus Dhaoine Óga (2014-2020). Is é an téama do Chomhairle na nÓg Fhine Gall le haghaidh 2017/2017 ná Meabhairshláinte agus cuireadh san áireamh soláthar de €25,000 i mbuiséad 2018 chun tacú leis an obair sin.


LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ FHINE GALL

I 2017 lean muid ar aghaidh ag tacú le forbairt Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall (LRPFG). Freisin tháinig méadú 25% ar bhallaíocht LRPFG. D’earcaigh an líonra Oibrí Acmhainne, sheol sé a Eolaí Béarla Shimplí, bhain grúpaí baill leas as oiliúint i rith na bliana agus cuireadh tús le hobair ar straitéis nua. Tá soláthar de €26,200 déanta i mbuiséad 2018.

D - Bainistíocht Forbartha


Caiteachas

D01	Forward Planning	€3,258,700
D02	Development Management	€6,895,900
D03	Enforcement	€637,100
D04	Industrial and Commercial Facilities	€813,100
D05	Tourism Development and Promotion	€1,120,700
D06	Community and Enterprise Function	€2,059,600
D08	Building Control	€1,811,600
D09	Economic Development and Promotion	€2,995,300
D10	Property Management	€982,700
D11	Heritage and Conservation Services	€533,300
		€21,108,000



Ioncam

Arts, Heritage & Gaeltacht	€174,500
Jobs, Enterprise & Innovation	€1,040,000
Other Grants & Subsidies	€181,200
Planning Fees	€1,421,000
Other Income	€542,300
Sale/leasing of property	€643,100
Superannuation	€226,500
	€4,228,600



Tábla F - Caiteachas

Rannán D – Bainistíocht Forbartha

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
D0101 Pleananna Reachtúla agus Beartas	1,787,400	1,787,400	1,709,600	1,817,600
D0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	1,471,300	1,471,300	1,471,600	1,513,800
D01 Pleanáil don Todhchaí	3,258,700	3,258,700	3,181,200	3,331,400
D0201 Rialú Pleanála	3,580,900	3,580,900	3,414,400	3,403,700
D0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	3,315,000	3,315,000	3,118,800	3,209,600
D02 Bainistíocht Forbartha	6,895,900	6,895,900	6,533,200	6,613,300
D0301 Costais Fhorfheidhmithe	345,500	345,500	443,700	329,000
D0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	291,600	291,600	350,800	361,500
D03 Forfheidhmiú	637,100	637,100	794,500	690,500
D0401 Oibríochtaí Láithreán Tionscail	404,100	404,100	274,500	358,800
D0403 Bainistíocht Saoráidí Gnó Eile & Ranníocaíocht Leo	135,300	135,300	287,200	285,500
D0404 Forbairt Ghinearálta Obair Fhógraíochta	-	-	-	-
D0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	273,700	273,700	328,900	339,000
D04 Saoráidí Tionscail agus Gnó	813,100	813,100	890,600	983,300
D0501 Cur chun cinn na Turasóireachta	972,100	972,100	870,800	975,300
D0502 Oibríochtaí Fónais Turasóra	2,500	2,500	2,500	3,500
D0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	146,100	146,100	96,200	97,300
D05 Forbairt agus Cur chun Cinn na Turasóireachta	1,120,700	1,120,700	969,500	1,076,100
D0601 Speansais Ghinearálta Pobail & Fiontair	722,800	722,800	481,400	656,800
D0602 Costais RAPID	-	-	-	-
D0603 Cuimsiú Sóisialta	390,600	390,600	298,200	342,500
D0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse	946,200	946,200	712,300	732,100
D06 Feidhm Pobail agus Fiontair	2,059,600	2,059,600	1,491,900	1,731,400
D0701 Eastáit Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe	-	-	-	-
D0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
D07 Eastáit Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe	-	-	-	-
D0801 Costais as Cigireacht Rialaithe Tógála	1,097,600	1,097,600	623,300	914,000
D0802 Costais as Forfheidhmiú Rialaithe Tógála	22,300	22,300	21,000	20,700
D0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse	691,700	691,700	548,100	562,900
D08 Rialú Tógála	1,811,600	1,811,600	1,192,400	1,497,600

Tábla F - Caiteachas

Rannán D – Bainistíocht Forbartha

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
D0901 Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile	-	-	-	-
D0902 Tionscadail AE	600	600	-	600
D0903 Nascadh Bailte	24,500	24,500	21,000	24,500
D0904 Oifig Eorpach	-	-	-	-
D0905 Forbairt agus Cur chun Cinn Eacnamaíoch	1,012,700	1,012,700	1,056,900	942,600
D0906 Poist, Fiontar & Nuáil	1,293,700	1,293,700	1,290,100	1,623,600
D0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse	663,800	663,800	629,700	637,000
D09 Forbairt agus Cur chun Cinn Eacnamaíoch	2,995,300	2,995,300	2,997,700	3,228,300
D1001 Costais Bainistíochta Réadmhaoine	645,500	645,500	569,300	730,300
D1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse	337,200	337,200	278,700	286,800
D10 Bainistíocht Réadmhaoine	982,700	982,700	848,000	1,017,100
D1101 Seirbhísí Oidhreachta	211,100	211,100	181,900	217,200
D1102 Seirbhísí Caomhantais	35,400	35,400	35,400	31,900
D1103 Seirbhísí Caomhantais	174,500	174,500	125,000	174,500
D1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	112,300	112,300	69,200	70,200
D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais	533,300	533,300	411,500	493,800
D1201 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	-	-	-	-
D1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
D12 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	-	-	-	-
D Iomlán Rannáin	21,108,000	21,108,000	19,310,500	20,662,800

Tábla F - Ioncam

Rannán D – Bainistíocht Forbartha

Ioncam de réir Foinse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
Deontais & Fóirdheontais Rialtais				
Na hEalaíona, Oidhreacht & Gaeltacht	174,500	174,500	125,000	174,500
Tithíocht, Pleanáil & Rialtais Áitiúil	-	-	-	-
Poist, Fiontar agus Nuáil	1,040,000	1,040,000	935,400	1,375,800
Deontais & Fóirdheontais Eile	181,200	181,200	171,200	163,200
Iomlán na nDeontas & na bhFóirdheontas Rialtais	1,395,700	1,395,700	1,231,600	1,713,500
Earraí & Seirbhísí				
Táillí Pleanála	1,421,000	1,421,000	1,042,000	1,328,000
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Aoisliúntas	226,500	226,500	271,500	239,800
Díol/léasú réadmhaoine/Ionad Tionscail eile	643,100	643,100	610,100	683,100
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	-	-	-	-
Ioncam eile	542,300	542,300	757,800	602,500
Iomlán Earraí & Seirbhísí	2,832,900	2,832,900	2,681,400	2,853,400
Iomlán Rannán 'D'	4,228,600	4,228,600	3,913,000	4,566,900

Rannán E

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

OIBRIÚ COTHABHÁIL AGUS IARCHÚRAM LÁITHREÁN LÍONTA TALÚN

Clúdaíonn an tseirbhís seo feabhsú Láithreán Líonta Talún Bhaile Amhlaoibh, iarchúram Láithreán Líonta Talún Dhún Sinche, iarchúram láithreán líonta talún nach bhfuil in úsáid a thuilleadh agus muirir airgeadais um thionscadal Láithreán Líonta Talún Neimhead. Leanadh ar aghaidh le hathchóiriú ar Láithreán Líonta Talún Bhaile Amhlaoibh i 2017 agus beidh sé ar siúl fós i 2018. Tá costais leanúnacha ag gabháil le bainistíocht láisteáite, monatóireacht agus bonneagar comhshaoil chun a aistriú go fóntas páirce poiblí a éascú. Freisin tá costais ag gabháil le soláthar um dhliteanais chomhshaoil do Láithreán Líonta Talún Bhaile Amhlaoibh agus Dhún Sinche.

OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL SHAORÁIDÍ AISGHABHÁLA AGUS ATHCHÚRSÁLA

Clúdaíonn an tseirbhís seo oibriú Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Ionad Athchúrsála Chúil Mhín (a bhíonn ar oscailt sé lá sa tseachtain anois) agus líonra Banc Buidéal na Comhairle

SAORÁID DRAMHAÍOLA GO FUINNEAMH

Cuireadh tús le Saoráid Dramhaíola go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath sa Pholl Beag a thógáil ag deireadh 2014 agus thosaigh an tsaoráid ag feidhmiú i 2017. Gné lárnach é an tionscadal de bhonneagar náisiúnta dramhaíola atá ceaptha chun ceanglais na hÉireann a chomhlíonadh faoi Threoir an AE i leith Líonta Talún.

FORFHEIDHMIÚ BRUSCAIR

Clúdaíonn an tseirbhís seo forfheidhmiú na n-Achtanna um Thruaillíú ó Bhruscar Freisin clúdaíonn sí feachtais eolais chun feacht a ardú faoi bhruscar i measc scoileanna, gnóthas agus an phobail i gcoitinne.

GLANADH SRÁIDE

Tá níos mó ná 1,300 araid bruscair suite ar fud Fhine Gall. Déanann criúnna glanta sráide na haraidí sin a ghlanadh agus a chothabháil agus déanann siad piocadh suas bruscair agus scuabadh bóthair. Bíonn sceidil fhadaithe um ghlanadh sráide i bhfeidhm sna bailte Baile Brigín, na Sceirí, Sord, Baile Bhlainséir, Mullach Eadrad, Mullach Íde agus Binn Éadair.

RIALÚ MONATÓIREACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

Déanann an tAonad Forfheidhmithe Dramhaíola sa Rannán Comhshaoil cinnte go gcomhlíontar na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola Clúdaíonn na rialacháin sin ceadanna um saoráidí aisghabhála dramhaíola, monatóireacht agus rialú ghluaiseacht dramhaíola agus oibleagáidí ó thaobh fhreagracht táirgeora, lena n-áirítear na rialacháin úd a bhaineann le dramhaíl phacáistithe, boinn, Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), cadhnraí agus taisc-chadhnraí agus Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna).

Oibríonn an tAonad Forfheidhmithe Dramhaíola i ndlúthpháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arb í an Príomhúdarás Réigiúnach um Forfheidhmiú Dramhaíola (PÚRFD) don Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Déantar maoirseacht ar obair na dtrí PÚRFD ag Coiste Stiúrtha Náisiúnta a chomhordaíonn tosaíochtaí náisiúnta/réigiúnacha um forfheidhmiú dramhaíola.

PLEANÁIL BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

Clúdaíonn an tseirbhís seo costais maidir le pleanáil bainistíochta dramhaíola agus oibriú oifig Réigiúnach Réigiún an Oirthir-Lár Tíre.

COTHABHÁIL REILIGÍ

Bainistíonn an Chomhairle 36 reilig agus leanfar ar aghaidh á gcothabháil de réir caighdeán aird i rith na blianta atá romhainn. Cuireadh tús le hobair i 2017 ar Mhéadú Chéim 1 ar Reilig Bhaile Ghrífin. Cuireadh suim de €350,000 ar fáil um forbairt na reilige seo i mBuiséad 2018.

OIBRIÚ NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN & COSC DÓITEÁIN

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuireann an tSeirbhís Dóiteáin d'Fhine Gall ar fáil. Bíonn seirbhísí iomlán Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, an tSeirbhís Otharchairr san áireamh, ar fáil chun déileáil le teagmhais agus éigeandálaí i gcás go mbeadh gá leo. Meastar gurb é cion Fhine Gall de chostas na seirbhíse dóiteáin i 2018 ná €19.8m.

AN tAONAD um THRUAILLIÚ DÓITEÁIN

Tá an tAonad um Thruailliú Dóiteáin ar fáil chun na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) a chur i bhfeidhm, chun tarlúintí truailithe uisce a fhiosrú, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar cheadúnú sceitheadh na n-eisilteach trádála chuig uisce oscailte agus chuig séaraigh.

Faoin gCreat-Treoir Uisce, tá an t-aonad freagrach freisin as monatóireacht abhann, tuairisciú ar cháilíocht uisce snámha, suirbhéanna feirme (faoin na Rialacháin GAP) agus tarlúintí truailithe a fhiosrú. Tá freagracht ar an aonad freisin as Plean Imscrúdaithe Náisiúnta an EPA a chur i bhfeidhm maidir le córais um chóireáil fuíolluisce tí (daibhche séarachais). Oibríonn an tAonad i ndlúthpháirt le hOifig Pobal Uisce na n-Údarás Áitiúil (LAWCO) agus leis an EPA chun bearta spriocdhírthe a chur i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta uisce i bhfo-dhobharcheantair a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021.

CÁILÍOCHT AEIR AGUS TRUAILLIÚ FUAIME

Cabhraíonn an Rannán Comhshaoil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) trí stáisiúin agus saoráidí monatóireachta a chur ar fáil chomh maith le trealamh um monatóireacht aeir ar Bhóthar na hAbhann, Baile Bhlainséir agus Lána an Uisce, Sord. Tá na stáisiúin sin um monatóireacht leanúnach ina gcuid den Líonra Náisiúnta um Monatóireacht ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh. Soláthraíonn siad sonraí beagnach réadama ar NO₂, PM₁₀ agus O₃ (Ózón). Déantar na torthaí monatóireachta go léir a uaslódáil go huathfheidhmeach ar láithreán gréasáin an EPA agus is féidir féachaint orthu ar líne.

Faoi Rialacháin an Achta um Thruailliú Uisce (Margú, Díolachán, Scaipeadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) 2012 ainmnítear ceantar go léir Fhine Gall mar limistéar sonraithe áit nach gceadaítear gual deataithe a dhíol, a dhó, a scaipeadh ná a thairiscint um dhíol. Cuireadh tús leis na Rialacháin sin a chur i bhfeidhm sa limistéar méadaithe i 2013 agus leanfar ar aghaidh leis i 2018.

Bunaíodh líonra um monatóireacht torainn atá mar chuid de líonra mór a chlúdaíonn Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath. Leanfar ar aghaidh leis an líonra sin i 2018 agus bainfear úsáid as a chuid sonraí chun na léarscáileanna torainn a rinneadh i 2012 a thabhairt suas le dáta.

FEASACHT COMHSHAOIL

Cuimsítear léi sin na costais a ghabhann le Clár 21 Áitiúil, Pobail Ghilana, Clár na Scoileanna Uaine agus feachtais réigiúnacha um feasacht comhshaoil maidir le bainistíocht dramhaíola.


ATHRÚ AERÁIDE & ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Clúdaíonn sé sin costais a ghabhann le comhordú ghníomhartha Fhine Gall a éilítear faoin Acht um Athrú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2015, forbairt na bPleananna Gníomhaíochta ag eascirt ón Dréachtstraitéis arna hullmhú agus Oifigeach um Athrú Aeráide a cheapadh.

E - Seirbhísí Comhshaoil


Caiteachas

E01	Oibriú agus larchúram Líonta Talún	€5,807,400
E02	Oibríochtaí Shaoráidí Aisghabhála & Athchúrsála	€2,890,300
E03	Saoráidí Dramhaíola go Fuinneamh	€964,000
E05	Bainistíocht Bruscair	€1,025,800
E06	Glanadh Sráide	€5,879,500
E07	Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus	€1,198,100
E08	Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola	€227,300
E09	Cothabháil Reiligí	€2,005,000
E10	Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	€1,470,400
E11	Oibriú Sheirbhís Dóiteáin	€19,851,600
E12	Cosc Dóiteáin	€152,000
E13	Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn	€970,600
E15	Athrú Aeráide & Tuilte	€286,200
		€42,728,200



Ioncam

Deontais DHPLG	€316,000
Ioncam Eile	€2,517,700
Táillí Dóiteáin	€750,000
Muirir Bruscair Tí	€584,000
Aoisliúntas	€209,200
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	€92,300
€4,469,200	



Tábla F - Caiteachas

Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfhéidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
E0101 Oibríochtaí Líonta Talún	4,001,100	4,001,100	3,986,700	3,848,800
E0102 Ranníocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla Eile - Saoráidí Líonta Talún	-	-	-	-
E0103 Costais Iarchúram Líonta Talún	1,279,800	1,279,800	1,401,300	1,296,500
E0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	526,500	526,500	467,900	469,200
E01 agus Iarchúram Líonta Talún	5,807,400	5,807,400	5,855,900	5,614,500
E0201 Oibríochtaí Shaoráidí Athchúrsála	115,200	115,200	375,300	385,900
E0202 Oibríochtaí Banc Beir Leat	2,464,600	2,464,600	1,986,100	2,252,200
E0204 Seirbhísí Athchúrsála Eile	4,300	4,300	800	4,300
E0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	306,200	306,200	314,200	300,200
E02 Oibríochtaí Shaoráidí Aisghabhála & Athchúrsála	2,890,300	2,890,300	2,676,400	2,942,600
E0301 Oibríochtaí Shaoráidí Dramhaíola go Fuinneamh	964,000	964,000	963,600	945,000
E0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
E03 Oibríochtaí Shaoráidí Dramhaíola go Fuinneamh	964,000	964,000	963,600	945,000
E0401 Seirbhísí Bailithe um Dhramhaíl Athchúrsála	-	-	-	-
E0402 Seirbhísí Bailithe um Dhramhaíl Athchúrsála	-	-	-	-
E0403 Seirbhísí Bailithe um Dhramhaíl Iarmharach	-	-	-	-
E0404 Seirbhísí Bailithe um Dhramhaíl Ghnó	-	-	-	-
E0406 Ranníocaíocht le Seirbhísí Bailithe Dramhaíola	-	-	-	-
E0407 Costais Eile Bailiú Dramhaíola	-	-	-	-
E0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
E04 Soláthar Sheirbhísí Dramhaíola go Bailiúchán	-	-	-	-
E0501 Seirbhís Maor Bruscair	438,300	438,300	407,400	435,600
E0502 Tionscnaimh Rialaithe Bruscair	-	-	-	-
E0503 Seirbhísí Feasachta Comhshaoil	214,000	214,000	145,200	183,800
E0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	373,500	373,500	314,300	318,900
E05 Bainistíocht Bruscair	1,025,800	1,025,800	866,900	938,300
E0601 Oibriú Sheirbhís Glanta Sráide	4,355,800	4,355,800	4,564,100	4,666,900
E0602 Soláthar agus Feabhsú Araidí Bruscair	108,000	108,000	55,300	85,300
E0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse	1,415,700	1,415,700	1,437,100	1,391,900
E06 Glanadh Sráide	5,879,500	5,879,500	6,056,500	6,144,100
E0701 Monatóireacht ar Rialacháin Tógála (Láithreáin Líonta Talún)	19,400	19,400	58,800	14,100
E0702 Forfheidhmiú Rialachán Dramhaíola	737,200	737,200	672,900	637,400
E0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse	441,500	441,500	479,400	492,700
E07 Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú	1,198,100	1,198,100	1,211,100	1,144,200

Tábla F - Caiteachas

Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil

Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
E0801 Plean Bainistíochta Dramhaíola	173,700	173,700	315,400	154,800
E0802 Ranníocaíocht le Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola ag Comhairle Fíle	-	-	-	-
E0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse	53,600	53,600	58,000	58,600
E08 Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola	227,300	227,300	373,400	213,400
E0901 Cothabháil Reiligí	1,403,700	1,403,700	1,657,200	1,595,000
E0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse	601,300	601,300	534,900	538,400
E09 Cothabháil Reiligí	2,005,000	2,005,000	2,192,100	2,133,400
E1001 Costais Oibríúcháin Costais Shibhialta	158,100	158,100	119,300	158,100
E1002 Foirgnimh Chontúirteacha	207,500	207,500	103,700	105,900
E1003 Pleanáil Éigeandála	294,900	294,900	271,000	293,500
E1004 Láithreáin Tréigthe	57,200	57,200	66,100	55,100
E1005 Oibriú Sábháilteachta Uisce	346,600	346,600	248,200	289,700
E1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse	406,100	406,100	466,300	478,500
E10 Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	1,470,400	1,470,400	1,274,600	1,380,800
E1101 Oibriú Sheirbhís Bhriogáid Dóiteáin	19,849,700	19,849,700	19,310,900	20,441,800
E1103 Traenáil Sheirbhísí Dóiteáin	-	-	-	-
E1104 Oibriú Sheirbhís Otharchairr	-	-	-	-
E1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse	1,900	1,900	1,600	1,500
E11 Oibriú Sheirbhís Dóiteáin	19,851,600	19,851,600	19,312,500	20,443,300
E1201 Costais as Deimhniú um Rialú Sábháilteachta Dóiteáin	83,400	83,400	75,600	69,500
E1202 Cosc Dóiteáin agus Oideachas maidir leis	-	-	-	-
E1203 Imscrúdú & Monatóireacht ar Shaoráidí Gnó	-	-	-	-
E1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse	68,600	68,600	70,800	72,400
E12 Cosc Dóiteáin	152,000	152,000	146,400	141,900
E1301 Bainistíocht Cáilíochta Uisce	420,000	420,000	415,800	434,700
E1302 Ceadúnú agus Monatóireacht maidir le Caighdeán Aeir agus Tráchtas	261,200	261,200	196,600	250,200
E1399 Costais Tacaíochta Seirbhíse	289,400	289,400	213,500	218,700
E13 Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn	970,600	970,600	825,900	903,600
E1401 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	-	-	-	-
E1499 Costais Tacaíochta Seirbhíse	-	-	-	-
E14 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inaisíochta	-	-	-	-
E1501 Athrú Aeráide & Tuilte	242,500	242,500	-	140,100
E1599 Costais Tacaíochta Seirbhíse	43,700	43,700	-	-
E15 Athrú Aeráide & Tuilte	286,200	286,200	-	140,100
E Iomlán Rannáin	42,728,200	42,728,200	41,755,300	43,085,200

Tábla F - Ioncam

Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil

Ioncam de réir Foinse	2018		2017	
	Glactha ag an gComhairle €	Measta ag an bPríomhfeidhmeannach €	Glactha ag an gComhairle €	Táirgeacht Mheasta €
Deontais & Fóirdheontais Rialtais				
Coimirce Shóisialach	-	-	-	-
Tithíocht, Pleanáil & Rialtais Áitiúil	316,000	316,000	265,500	320,000
Cosaint	-	-	-	-
Deontais & Fóirdheontais Eile	-	-	-	-
Iomlán na nDeontas & na bhFóirdheontas Rialtais	316,000	316,000	265,500	320,000
Earraí & Seirbhísí				
Muirir Bruscair Tí	584,000	584,000	450,000	584,000
Muirir Bruscair Gnó	-	-	-	-
Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíochta	-	-	-	-
Aoisliúntas	209,200	209,200	268,800	237,400
Táillí Líonta Talún	-	-	-	-
Táillí Dóiteáin	750,000	750,000	750,000	750,000
Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil	92,300	92,300	92,300	147,900
Ioncam eile	2,517,700	2,517,700	1,958,600	1,852,600
Iomlán Earraí & Seirbhísí	4,153,200	4,153,200	3,519,700	3,571,900
Iomlán Rannán 'E'	4,469,200	4,469,200	3,785,200	3,891,900

RANNÁN F CAITHEAMH AIMSIRE &

LEABHARLANNA

Tugadh tuairim is 1.18 milliún cuairt ar Leabharlanna Fhine Gall i 2017. Tugann daoine cuairt ar ár gcuid leabharlann agus úsáideann siad iad ar chúiseanna éagsúla – chun léamh, chun foghlaim, chun staidéar a dhéanamh agus chun a tsamhlaíocht agus a bhfiosracht a chothú trínár gclár d'imeachtaí cruthaitheacha agus eolais. Tógadh os cionn 1 mhilliúin mír, idir leabhair chlóite, ríomhleabhair agus cluichí consóil ar iasacht ónár gcuid leabharlann i 2017. Cuirtear seirbhísí ar fáil ar fud líonra de 10 leabharlann brainse, 4 veain leabharlainne soghluaiste, seirbhís do dhaoine atá gafa sa teach agus rannán staidéir áitiúil agus cartlainne. Oibríonn an chuid is mó d'ionaid seirbhíse ar feadh 6 lae sa tseachtain, agus meánuaireanta oscailte acu de 45 uaire an chloig in aghaidh na seachtaine, an líon is mó sa tír. Agus 41% den daonra cláraithe mar bhaill de Leabharlanna Fhine Gall, leagann an pobal luach i gcónaí ar a tseirbhís. I 2018 beidh an Chomhairle tiomanta fós chun seirbhísí lárnacha leabharlainne a sholáthar saor in aisce agus áit shábháilte, neodrach agus dhaonlathach a chur ar fáil do mhuintir Fhine Gall.

Foilseofar an Clár Forbartha 5 bliana um Leabharlanna Fhine Gall ag tús 2018. Ráiteas poiblí a bheidh ann ina leagfar amach ár bhfís, ár misean, ár gcuid luachanna, tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha agus forbartha. Rinneadh comhchomhairle i 2017 le raon leathan páirtithe leasmhara a raibh ina measc baill leabharlainne agus daoine nárbh baill iad, an LRP, CBS, CFPÁ, gnóthais áitiúla, scoileanna, comhairleoirí agus baill foirne trí shuirbhéanna, fócasghrúpaí, aighneachtaí agus cruinnithe.

Tá Cistiú Caipitil i bhfeidhm i 2018 chun tús a chur le hathchóiriú Leabharlann na Sceirí, foirgneamh Carnegie traidisiúnta a théann siar go 1911. Freisin tá Ionad Cathrach agus Cultúrtha á fhorbairt ag an gComhairle i Sord, ina mbeidh Leabharlann Contae nua chomh maith le hamharclann. Rachaidh an Leabharlann nua in ionaid na leabharlainne atá ann cheana féin i Sord agus is éard a bheidh inti ná ionad nua-aimseartha foghlama, cultúir agus caithimh aimsire chomh maith le háit oscailte agus fháilteach do mhuintir an Chontae.

Beidh trí veain nua leabharlainne soghluaiste ar an mbóthar faoi dheireadh 2017 agus iad ag dul in áit seanfheithiclí a d'fhreastail go maith orainn ar feadh nach mór fiche bliain. Beidh na veaineanna nua go hiomlán inrochtana, agus stoc nua suas le dáta iontu chomh maith le cumas Wi-Fi. Tá sé ar intinn againn iad a úsáid le haghaidh scéalaíochta agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus iad a thógáil chuig féilte agus imeachtaí eile ar fud an Chontae.

